



CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 385/2021

an 10 Nollaig 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/650]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le trédhearcacht idirbheart maoinithe urrús agus athúsáide agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/463 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2019 Lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na n-eintiteas díolmhaithe ⁽²⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Leasaítear pointe 31bc (Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) mar seo a leanas:
 - (i) Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach:

— **32015 R 2365:** Rialachán (AE) Uimh. 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 (IO L 337, 23.12.2015, lch. 1).'
 - (ii) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs oiriúnú (zd):

'In Airteagal 81(3), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE:

 - (i) i bpointe (h), cuirtear na focail 'Stát bunaíochta CSTE lena ndeonaítear rochtain fhrithpháirteach ar chonarthaí díorthach atá i stórtha trádála agus malartú faisnéise fúthu' in ionad 'an tAontas dá dtagraítear in Airteagal 75';
 - (ii) i bpointe (k), cuirtear na focail "Stát bunaíochta CSTE lena ndeonaítear rochtain ar fhaisnéis maidir le conarthaí díorthach atá i stórtha trádála atá bunaithe sa Stát CSTE sin" in ionad "ESMA, dá dtagraítear in Airteagal 76".
2. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 31bgca (Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/480 ón gCoimisiún):

'31bh. **32015 R 2365:** Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le trédhearcacht idirbheart maoinithe urrús agus athúsáide agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 337, 23.12.2015, lch. 1), arna leasú le:

— **32019 R 0463:** Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/463 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2019 (IO L 80, 22.3.2019, lch. 16).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

 - (a) D'ainneoin fhorálacha Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo, agus mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, maidir leis na téarmaí 'Ballstát/Ballstáit' agus 'údaráis inniúla', tuigfear go bhfuil Stáit CSTE agus a n-údaráis inniúla ar áireamh iontu faoi seach, sa bhreis ar bhrí na dtéarmaí sin sa Rialachán.

⁽¹⁾ IO L 337, 23.12.2015, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 80, 22.3.2019, lch. 16.

- (b) Tagairtí do chumhachtaí an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA) faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle sa Rialachán, tuigfear go dtagraíonn siad, sna cásanna dá bhforáiltear den Chomhaontú seo agus i gcomhréir leis, do chumhachtaí Údarás Faireacháin CSTE a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE.
- (c) Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, comhoibreoidh ESMA agus Údarás Faireacháin CSTE, malartóidh siad faisnéis agus rachaidh siad i gcomhairle le chéile chun críocha an Rialacháin, go háirithe sula ndéanfaidh siad aon ghníomhaíocht.
- (d) Glacfar cinntí, cinntí eatramhacha, fógraí, iarrataí simplí, cúlghairm cinntí agus bearta eile de chuid Údarás Faireacháin CSTE faoi Airteagail 5(6), 7(1) agus 10, gan moill mhíchuí, ar bhonn dréachtaí arna n-ullmhú ag ESMA ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin d'Údarás Faireacháin CSTE.
- (e) Tagairtí do 'comhaltaí CEBC', tuigfear go n-áirítear bainc cheannais náisiúnta Stáit CSTE leo, sa bhreis ar an mbrí atá leo sa Rialachán.
- (f) In Airteagal 5:
 - (i) i mír 1, cuirfear isteach na focail "nó, i gcás stór trádála atá bunaithe i Stát CSTE, le hÚdarás Faireacháin CSTE" tar éis an fhocail "ESMA";
 - (ii) i mír 5, cuirfear isteach na focail "nó, i gcás stór trádála atá bunaithe i Stát CSTE, le hÚdarás Faireacháin CSTE" tar éis an fhocail "ESMA";
 - (iii) i mír 6, cuirfear na focail 'nó Údarás Faireacháin CSTE, de réir mar a bheidh,' isteach i ndiaidh an fhocail 'ESMA'.
- (g) In Airteagal 6, cuirfear na focail 'nó Údarás Faireacháin CSTE, de réir mar a bheidh,' isteach i ndiaidh an fhocail 'ESMA'.
- (h) In Airteagal 7, cuirfear na focail 'nó Údarás Faireacháin CSTE, de réir mar a bheidh,' isteach i ndiaidh an fhocail 'ESMA'.
- (i) In Airteagal 8:
 - (i) i mír 1, cuirfear na focail 'nó Údarás Faireacháin CSTE, de réir mar a bheidh,' isteach i ndiaidh na bhfocal 'ESMA';
 - (ii) cuirfear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"Cuirfidh ESMA agus Údarás Faireacháin CSTE aon chinneadh a ghlacfar i gcomhréir le mír 1 in iúl dá chéile agus don Choimisiún."
- (j) In Airteagal 9, cuirfear na focail 'nó Údarás Faireacháin CSTE' isteach i ndiaidh an fhocail 'ESMA'.
- (k) In Airteagal 10:
 - (i) i mír 1, cuirfear isteach na focail "nó, i gcás stór trádála atá bunaithe i Stát CSTE, an tÚdarás Faireacháin CSTE" tar éis an fhocail "ESMA";
 - (ii) a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, i mír 2, cuirfear "Údarás Faireacháin CSTE" in ionad an fhocail "ESMA";
 - (iii) sa dara habairt de mhír 3, cuirfear isteach na focail "nó, i gcás stór trádála atá bunaithe i Stát CSTE, gan dréacht a ullmhú d'Údarás Faireacháin CSTE chuige sin" tar éis an fhocail "lena mbaineann".
- (l) In Airteagal 11(1), cuirfear isteach na fomhíreanna seo a leanas:

"Maidir le stórtha trádála atá bunaithe i Stát CSTE, gearrfaidh Údarás Faireacháin CSTE táillí ar an mbonn céanna le táillí a ghearrfar ar stórtha trádála eile i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na gníomhartha tarmlichte dá dtagraítear i mír 2.

Déanfar na méideanna arna mbailiú ag Údarás Faireacháin CSTE i gcomhréir leis an mír seo a chur ar aghaidh chuig ESMA gan moill mhíchuí.”.

- (m) In Airteagal 18, cuirfear na focail ‘Údarás Faireacháin CSTE’ isteach i ndiaidh na bhfocal ‘ÚEÁPC,’.
- (n) In Airteagal 21(2), cuirfear na focail “agus chuig Buainchoiste Stáit CSTE” isteach tar éis na bhfocal “an Chomhairle”.
- (o) In Airteagal 22, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE:
 - (i) i mír 6, ‘laistigh de 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 385/2021 ó Chomhchoiste LEE an 10 Nollaig 2021’ a léifear in ionad na bhfocal ‘roimh an 13 Eanáir 2018’;
 - (ii) i mír 7, ‘6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 385/2021 ó Chomhchoiste LEE an 10 Nollaig 2021’ a léifear in ionad na bhfocal ‘an 13 Iúil 2017’.
- (p) In Airteagal 26(5), cuirfear na focail “agus chuig Údarás Faireacháin CSTE” isteach i ndiaidh na bhfocal “chuig na húdaráis inniúla amháin”.
- (q) In Airteagal 33, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, léifear an dara mír mar seo a leanas:

‘Beidh feidhm ag an Rialachán seo ó dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 385/2021 ó Chomhchoiste LEE an 10 Nollaig 2021, cé is moite de:

- (a) Airteagal 4(1), a mbeidh feidhm aige:
 - (i) 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Cinneadh ó Chomhchoiste LEE ina bhfuil Rialachán Tarmlichthe (AE) 2019/356 ón gCoimisiún do chontrapháirtithe airgeadais dá dtagraítear i bpointe (3)(a) agus (b) d’Airteagal 3 agus d’eintitis de chuid tríú tíortha dá dtagraítear i bpointe (3)(i) d’Airteagal 3 a mbeadh údarú nó clárú uathu i gcomhréir leis an reachtaíocht dá dtagraítear i bpointe (3)(a) agus (b) d’Airteagal 3 dá mba rud é go raibh siad bunaithe i LEE;
 - (ii) 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Cinneadh ó Chomhchoiste LEE ina bhfuil Rialachán Tarmlichthe (AE) 2019/356 ón gCoimisiún do chontrapháirtithe airgeadais dá dtagraítear i bpointe (3)(g) agus (h) d’Airteagal 3 agus d’eintitis de chuid tríú tíortha dá dtagraítear i bpointe (3)(i) d’Airteagal 3 a mbeadh údarú nó clárú uathu i gcomhréir leis an reachtaíocht dá dtagraítear i bpointe (3)(g) agus (h) d’Airteagal 3 dá mba rud é go raibh siad bunaithe i LEE;
 - (iii) 15 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Cinneadh ó Chomhchoiste LEE ina bhfuil Rialachán Tarmlichthe (AE) 2019/356 ón gCoimisiún do chontrapháirtithe airgeadais dá dtagraítear i bpointe (3)(c) go (f) d’Airteagal 3 agus d’eintitis de chuid tríú tíortha dá dtagraítear i bpointe (3)(i) d’Airteagal 3 a mbeadh údarú nó clárú uathu i gcomhréir leis an reachtaíocht dá dtagraítear i bpointe (3)(c) go (f) d’Airteagal 3 dá mba rud é go raibh siad bunaithe i LEE; agus
 - (iv) 15 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Cinneadh ó Chomhchoiste LEE ina bhfuil Rialachán Tarmlichthe (AE) 2019/356 ón gCoimisiún do chontrapháirtithe neamhairgeadais;
- (b) Airteagal 13, a mbeidh feidhm aige ó bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 385/2021 ó Chomhchoiste LEE an 10 Nollaig 2021;
- (c) Airteagal 14, a mbeidh feidhm aige ó 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 385/2021 ó Chomhchoiste LEE an 10 Nollaig 2021 i gcás gnóthais chomhinfeistíochta faoi réir Threoir 2009/65/CE nó Threoir 2011/61/AE arna gcur ar bun roimh dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 385/2021 ó Chomhchoiste LEE an 10 Nollaig 2021;

- (d) Airteagal 15, a mbeidh feidhm aige ó 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 385/2021 ó Chomhchoiste LEE an 10 Nollaig 2021, lena n-áirítear maidir le socruithe comhthaobhachta a bheidh ann ar an dáta sin.”’

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialachán (AE) 2015/2365 agus Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/463 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 11 Nollaig 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Nollaig 2021.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE

An tUachtarán

Rolf Einar FIFE

* Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.